C/2025/769

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Polaitíocht an uisce: an óige, mná agus pobail dhúchasacha agus áitiúla a chumhachtú

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/769)

Rapóirtéir: **Milena ANGELOVA**

Comhrapóirtéir: **Ioannis VARDAKASTANIS**

Comhairleoirí	Ioannis N. GRIGORIADIS (thar ceann an chomhrapóirtéara) Tellervo KYLÄ-HARAKKA-RUONALA (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	12.11.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	4.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	189/2/6

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Mar chuid den obair leantach ar an tuairim ó CESE maidir leis an taidhleoireacht ghorm ([1]), dírítear sa doiciméad seo ar dhaoine óga, ar mhná agus ar phobail dhúchasacha agus áitiúla (lena n-áirítear imircigh agus daoine faoi mhíchumas), ós rud é go bhfuil na codanna sin den daonra ar roinnt de na daoine is leochailí a fhad a bhaineann sé leis an strus maidir le huisce. Mar sin féin, tá acmhainneacht ollmhór neamhshaothraithe sna grúpaí sin chun rannchuidiú le bainistiú inbhuanaithe an uisce, chun uisce a úsáid mar uirlis síochána agus chobhsaíochta agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú leis an taidhleoireacht ghorm.

1.2. Is spreagadh do CESE an iarraidh go mbeadh Eoraip dhomhanda ann a bhainfeadh leas as cumhacht na gcomhpháirtíochtaí ([2]) agus is díol sásaimh dó gur ceapadh Coimisinéir Eorpach um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch. Ina fhianaise sin, iarrann sé ar an Aontas aird chuí a thabhairt ar na grúpaí sin sa chaidreamh seachtrach agus sa chomhar idirnáisiúnta atá ar bun aige. Lena chois sin, molann CESE ***clár comhpháirtíochta treoraithe a úsáid chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir na grúpaí sin a chumhachtú ar bhealach comhtháite***, de réir mar a thuairiscítear go mion i bpointe 4.4 thíos.

1.3. Is príomhghnéithe den chumhachtú sin an rochtain ar uisce glan, oideachas, fostaíocht agus rannpháirtíocht sa phróiseas ceaptha beartas. Tá an-tábhacht le rochtain níos fearr a thabhairt ar sheirbhísí uisce, sláintíochta agus sláinteachais (seirbhísí WASH), ós rud é go bhfágann na seirbhísí sin go mbíonn breis ama ag an duine chun díriú ar an oideachas agus ar an ngairmoiliúint agus go mbíonn deiseanna breise fostaíochta ag an duine agus an cumas aige nó aici rannchuidiú le bainistiú agus le beartais an uisce. Tá gá le teicneolaíochtaí nua, mar aon le heolas ó phobail dhúchasacha – arna úsáid agus arna chur i bhfeidhm go measúil – agus le cistiú spriocdhírithe iomchuí chun na grúpaí sin a chumhachtú. Trí na coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, cúrsaí saothair, an troid in aghaidh an éillithe agus an comhshaol, cuirtear creat dlíthiúil ar fáil chuige sin. Cabhraíonn feachtais faisnéise maidir le saincheisteanna uisce chun na grúpaí sin a chumhachtú freisin.

([1]) IO C, C/2023/862, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/862/oj.
([2]) Treoirlínte Polaitiúla Uachtarán von der Leyen, Iúil 2024.

1.4. Chun daoine óga a chumhachtú, tá gá le dearcadh dearfach i leith na todhchaí i dtéarmaí oideachais agus fostaíochta, ón mbunoideachas ar aghaidh, an ghairmoiliúint agus an t-ardoideachas san áireamh. Chomh maith le hinniúlachtaí a bhaineann le huisce, ba cheart scileanna ginearálta sibhialta, saoránachta agus fiontraíochta a thabhairt do dhaoine óga, ionas go mbeidh siad in ann rannchuidiú leis an mbainistiú uisce, leis an bhfostaíocht agus leis an gceapadh beartas, óir is iad a spreagann athrú sa lá atá inniu ann agus a dhéanfaidh na cinntí sna blianta amach romhainn ([3]). I bpobail áirithe, na pobail dhúchasacha, cuir i gcás, bíonn ar dhaoine óga gníomhú mar cheannairí ina bpobail féin agus is féidir ceachtanna a fhoghlaim ón taithí sin.

1.5. Tá an-tábhacht le seirbhísí iomchuí WASH a bheith ar fáil le gur féidir mná a chumhachtú, ós rud é i bhformhór mór na limistéar ina bhfuil ardstrus maidir le huisce gur ar chrann na mban agus na gcailíní óga a thiteann sé teacht ar réitigh i dtaobh an uisce agus go mbíonn a n-oideachas, a n-oiliúint, a ndeiseanna fostaíochta agus a bhforbairt phearsanta thíos leis dá dheasca sin. Gné ríthábhachtach eile is ea an lán-chomhionannas inscne a bhaint amach san oideachas, san fhostaíocht, sna húdaráis agus san fhiontraíocht. Ní mór aird chuí a thabhairt ar dhálaí oibre cuibhiúla, lena n-áirítear an t-idirdhealú agus an ciapadh a chosc. Chun fiontraíocht na mban a spreagadh, is gá rochtain chomhionann a thabhairt ar bhonneagar, ar thalamh agus ar airgeadas agus dálaí gnó atá saor ó éilliú a chruthú. Ba cheart freisin mná a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun róil cheannaireachta a ghlacadh sa pholaitíocht agus sa ghnó, agus in aon eagraíochtaí a rannchuidíonn leis an mbainistiú uisce agus leis an taidhleoireacht ghorm.

1.6. Tá gá le hardáin shonracha le haghaidh idirphlé fóinteach idir grúpaí dúchasacha agus na rialtais náisiúnta nó áitiúla, mar aon le rannpháirtíocht níos réamhghníomhaí agus níos córasaí na bpobal dúchasach sna próisis comhair idirnáisiúnta. Ní mór rochtain ar bhonneagar, ar fhaisnéis, ar oideachas agus ar oiliúint a chur ar fáil do na pobail áitiúla, agus ba cheart d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil a bheith rannpháirteach sna próisis ceaptha beartas áitiúla, agus na grúpaí dúchasacha a rannpháirtiú agus a chumhachtú ([4]).

1.7. Tá an-tábhacht le teicneolaíochtaí gorma agus digiteacha chun feabhas a chur ar an mbainistiú uisce agus ar an rochtain ar uisce glan agus ar shláintíocht. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis na córais uisce, fuinnimh agus dhigiteacha agus mar gheall ar na naisc atá eatarthu, ní mór an bonneagar a fhorbairt ina iomláine. Tá cosaint na bhfoinsí uisce, caomhnú na mbogach ([5]), agus cosc agus rialú an truaillithe agus an bhithéillithe thar a bheith tábhachtach le haghaidh bhainistiú inbhuanaithe an uisce. Tá a lán grúpaí dúchasacha ann a leanann d'eitic láidir na maoirseachta uisce a chur i bhfeidhm agus tá an-tábhacht lena rannpháirtíocht siúd chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uisce atá ag dul i méid.

1.8. Tá an-tábhacht le comhpháirtíocht agus cistiú fiúntach chun an bonneagar, an t-oideachas agus an fothú acmhainneachta i gcoitinne a fhorbairt. Tá ról lárnach ina leith sin ag cistí an Aontais agus ag cláir na ndeontóirí náisiúnta agus tá an-tábhacht leis an gcomhordú le go bhféadfar sineirgí a chruthú agus an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní a leithdháiltear. Tá sé tábhachtach dea-chleachtais a mhalartú agus dreasachtaí a chur ar fáil do chláir na ndeontóirí le nach bhfágfaidh siad earnáil an uisce, agus chun aibhneacha, lochanna agus éiceachórais eile sna bogaigh a chuimsiú freisin, ós rud é gur acmhainní uisce criticiúla iad sin. Is gá freisin úsáid na gcistí a mhapáil agus faireachán a dhéanamh ar an úsáid sin agus a áirithiú go mbeidh éifeacht leis an gcistiú agus go dtabharfar tacaíocht le grúpaí leochaileacha a chumhachtú.

2. **Comhthéacs ginearálta agus raon feidhme**

2.1. Is éard atá sa tuairim féintionscnaimh seo cuid den obair leantach ar an tuairim ó CESE maidir leis an taidhleoireacht ghorm ([6]). Tógtar ar an ról lárnach atá ag an tuairim sin sa tionscnamh ó CESE ina n-iarrtar ar an Aontas díriú ar an uisce mar acmhainn atá ag éirí níos teirce agus atá ríthábhachtach do thodhchaí an domhain, agus Comhaontú Gorm a chur chun cinn chun cur leis an tslándáil, an athléimneacht agus an inbhuanaitheacht a bhaineann le huisce, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain ([7]).

([3]) Mar shampla, an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le haghaidh Eoraip atá cliste agus athléimneach ó thaobh bainistiú uisce de: https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2024/000010_ga.
([4]) Sampla maith is ea UWASNET in Uganda – https://uwasnet.org/.
([5]) Tá an Coinbhinsiún maidir le Bogaigh, a cruthaíodh in 1971 agus a bhfuil 172 thír ar fud an domhain páirteach ann, ag tacú freisin le grúpaí leochaileacha a chumhachtú: https://www.ramsar.org/news/empowering-women-restoring-wetlands-go-hand-hand.
([6]) IO C, C/2023/862, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/862/oj.
([7]) IO C, C/2024/878, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/878/oj.

2.2. Tá an-tábhacht leis an uisce do shaol agus do dhínit an duine, agus aithníonn na Náisiúin Aontaithe gur ceart bunúsach de chuid an duine é teacht a bheith aige nó aici ar uisce agus ar shláintíocht. Tá sé ríthábhachtach don tsláinte phoiblí agus d'fhorbairt an duine na haibhneacha, na lochanna, na bogaigh agus na huiscígh ([8]) a chosaint, agus seirbhísí iomchuí, inrochtana agus inacmhainne uisce, sláintíochta agus sláinteachais (WASH) a áirithiú. Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar fud an domhain ar an strus maidir le huisce, sin agus ar na fadhbanna agus ar na rioscaí a bhaineann leis sin, mar gheall ar bhainistiú neamh-inbhuanaithe a bheith á dhéanamh ar na hacmhainní uisce, mar gheall ar an ngéarchéim aeráide agus mar gheall ar an méadú as cuimse atá ag teacht ar an daonra mar thoradh ar rátaí breithe arda nó ar imirce ó thíortha eile. I bhfianaise na n-athruithe sin, tá an t-uisce ina shócmhainn straitéiseach chriticiúil anois.

2.3. Ní féidir polaitíocht an uisce a mheas gan gnéithe eile a chur san áireamh, ós rud é gur dlúthchuid den táirgeadh bia, fuinnimh agus tionsclaíoch é an t-uisce, agus go bhfuil sé fite fuaite le saincheisteanna sláinte, aeráide, bithéagsúlachta agus comhshaoil eile. Thairis sin, tá gnéithe tábhachtacha inscne, idirghlúine agus idirchultúrtha i gceist leis freisin. Tá an t-uisce riachtanach don bheatha. Is gné bhunriachtanach de spriocanna forbartha inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe é. Dá bhrí sin, níor cheart polaitíocht an uisce a mheas i réimse beartais dá cuid féin, ach mar ghné chothrománach atá le comhtháthú i ngach beartas eile, rud a iarrtar i bPrionsabal 1 de Dhearbhú CESE ar son Comhaontú Gorm don Eoraip ([9]). Caithfimid uile aire a thabhairt don uisce atá againn le nach ndéanfar sócmhainn ghann de.

2.4. Tá daoine óga, mná agus pobail dhúchasacha agus áitiúla (lena n-áirítear imircigh agus daoine faoi mhíchumas) i measc na ndaoine is túisce a bhíonn thíos leis an strus maidir le huisce agus is iad is mó a fhulaingíonn go minic sna háiteanna ina bhfuil ardstrus maidir le huisce. Dá bhrí sin, ní mór aird bhreise a thabhairt ar na grúpaí sin sna straitéisí agus sna beartais nua uisce agus sa chomhar idirnáisiúnta maidir le huisce, d'fhonn soláthar iomchuí, inrochtana agus inacmhainne uisce ghlain agus seirbhísí WASH, timpeallacht mhaireachtála shláintiúil ina ndéantar bainistiú inbhuanaithe ar an uisce agus forbairt shóisialta do chách a áirithiú. Mar sin féin, tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe sna grúpaí sin chun rannchuidiú le bainistiú inbhuanaithe an uisce agus le coinbhleachtaí a bhaineann le huisce a chosc agus a réiteach, bunaithe ar a dtaithí, a gcleachtais agus a gcur chuige maidir leis an maoirseacht talún. Is féidir leo feidhmiú mar ghníomhaithe agus mar ghníomhairí ríthábhachtacha agus ba cheart iad a aithint ar an leibhéal cinnteoireachta agus ar an leibhéal oibríochtúil araon.

2.5. Cé go bhfuil áiteanna áirithe ann laistigh de theorainneacha an Aontais ina bhfuil ardstrus maidir le huisce, tá gá le smaointeoireacht, gníomhaíocht agus réitigh ar an leibhéal domhanda a chuirfear chun feidhme tríd an gcomhar idirnáisiúnta, sin mar gheall ar cé chomh forleathan agus chomh tromchúiseach atá an strus domhanda maidir le huisce, agus an teannas agus na coinbhleachtaí a thagann as. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás dobharlaigh thrasteorann agus acmhainní uisce comhroinnte, ionas gur féidir le huisce a bheith ina uirlis síochána seachas ina uirlis choinbhleachta.

2.6. Is féidir leis na fadhbanna a bhaineann le huisce i dtíortha i bhfad i gcéin tionchar mór a imirt ar an Aontas Eorpach freisin, go díreach nó go hindíreach, agus fágann na fadhbanna sin go bhfuil fonn mór ar an Aontas tabhairt faoi thaidhleoireacht ghorm ghníomhach trína chaidreamh seachtrach, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus comhar iltaobhach laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe (e.g. FAO, EDS, UNESCO, EIS, UNIDO, UNDP).

2.7. Tá gá le hiarrachtaí sonracha chun dul i ngleic leis an nganntanas tromchúiseach uisce i gcodanna móra den Afraic Fho-Shahárach, ní hamháin toisc gur cás scáfar é seo a léiríonn na dúshláin dhomhanda atá ann ach freisin toisc go mbeidh tionchar luath nó mall ar an Aontas ag na fadhbanna atá le sárú ag an Afraic. Mar shampla, is dócha go mbeidh an ganntanas uisce agus na coinbhleachtaí a thiocfaidh as ina gcúis le gluaiseachtaí ollmhóra imirceach ón Afraic chuig an Aontas, agus is féidir le gluaiseachtaí móra imirceach tionchar a imirt freisin ar na limistéir sin ina bhfuil strus maidir le huisce san Afraic agus i réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh (MENA), rud a mhéadaíonn an brú. Léiríonn sin a chasta atá imirce ar cúrsaí aeráide agus uisce is cionsiocair léi agus ní mór don Aontas beart a dhéanamh go tráthúil agus go réamhghníomhach chun aghaidh a thabhairt ar an gcineál sin imirce.

2.8. Cuireann CESE i bhfáth gur dúshláin leathana, éagsúla agus chasta iad na dúshláin a bhaineann le huisce. Tá an triomach ag cur go mór leis na fadhbanna san iliomad réigiún freisin, lena n-áirítear an Meánoirthear, an Áise Láir agus Meiriceá Laidineach. Lena chois sin, tá sé ag éirí níos deacra séasúr na báistí a thuar, ná an méid uisce a chaithfear, agus tá a lán tíortha san Eoraip, san Afraic, san Áise agus i Meiriceá Laidineach, chomh maith le tíortha oileánacha áirithe, neamhchosanta ar thuilte a tharlaíonn go rialta, rud a fhágann go n-athraítear an saol ó bhonn sna pobail sin de thoradh scála na tubaiste. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfeadh na húdaráis phoiblí luathrabhadh agus cleachtais phráinnfhreagartha ar fáil do dhaoine sna limistéir sin, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as teicneolaíochtaí nua chun beatha daoine a shábháil agus cabhrú le pobail neamhchosanta maireachtáil san áit a bhfuil siad.

([8]) Is conradh idir-rialtasach é an Coinbhinsiún maidir le Bogaigh lena soláthraítear an creat chun gach bogach agus a chuid acmhainní a chaomhnú agus a úsáid go ciallmhar. Is é an tuiscint atá le baint as an téarma 'bogaigh' sa doiciméad seo aibhneacha, lochanna, tailte portaigh, linnte, riasca agus gach bogach cósta. Féach https://www.ramsar.org/.

([9]) https://www.eesc.europa.eu/ga/initiatives/eu-blue-deal.

2.9. Tá an meath leanúnach ar cháilíocht an uisce ina shaincheist atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile, toisc go bhfágann an meath sin go gcuirtear foinse mhaireachtála na bpobal áitiúil i roinnt mhaith ceantar i mbaol. Cé gur easpa eolais agus bonneagair is cúis leis uaireanta, is minic a iompraíonn dobharlaigh, aibhneacha, lochanna agus uiscígh thrasteorann truailleáin ó thír nó ó réigiún amháin go tír nó réigiún eile, agus go ndéantar difear ní hamháin do dhálaí maireachtála a lán daoine ach go gcruthaítear teannas idir tíortha freisin.

3. **Riachtanais agus acmhainneacht na hóige, na mban agus na bpobal dúchasach agus áitiúil (lena n-áirítear imircigh agus daoine faoi mhíchumas) a aithint**

3.1. ***Gnéithe tábhachtacha agus rudaí a chabhraíonn le daoine a chumhachtú***

3.1.1. Maidir leis an gcaoi a ndéantar grúpaí leochaileacha a chosaint, feabhas a chur ar a ndálaí maireachtála i limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce agus leas breise a bhaint as a n-acmhainneacht chun gníomhú agus tionchar a imirt, is ionann mar a dhéantar sin i gcás na ngrúpaí uile. Ar na gnéithe tábhachtacha tá an rochtain ar uisce glan agus ar shláintíocht, an t-ardú feasachta, an t-oideachas agus an oiliúint chun cur leis an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus san fhostaíocht, spásanna sábháilte le haghaidh malartú eolais, agus an rannpháirtíocht sa cheapadh beartas, agus is teicneolaíochtaí nua, cistiú iomchuí agus rialacha iomchuí a chabhraíonn agus a thacaíonn leis na gnéithe sin.

3.1.2. Leis an rochtain chuí ar sheirbhísí WASH, cuirtear níos mó deiseanna ar fáil do shaol níos fearr trí dhrochshláinteachas agus éilliú foinsí uisce a chosc agus an rochtain ar uisce óil glan a fheabhsú. Is leis na mná agus cailíní óga go háirithe a bhaineann sin, óir is gnách gur ar a gcrannsan a thiteann sé teacht ar réitigh ar na fadhbanna a bhaineann le huisce, sin de bharr an traidisiúin agus na norm sóisialta. Lena chois sin, tarlaíonn sé ina lán limistéar ina bhfuil ganntanas uisce go mbíonn sciar mór de na mná agus na daoine óga ag obair in earnáil na talmhaíochta.

3.1.3. Is gnéithe riachtanacha eile den chumhachtú iad an t-oideachas agus forbairt scileanna. Cé go gcuireann rochtain cheart ar uisce am breise ar fáil don oideachas, cuireann an t-oideachas leis an gcumas atá i nduine gníomhú mar cheannaire agus rannchuidiú leis an mbainistiú inbhuanaithe uisce, agus cruthaítear éagsúlacht níos leithne fostaíochta freisin. Ní mór réimse leathan deiseanna oideachais agus oiliúna a bheith ar fáil chun freagairt don ghá atá le scileanna a bhaineann le huisce, idir bhunscileanna agus inniúlachtaí gairmiúla ardleibhéil, ag brath ar na cúinsí agus ar an uaillmhian. Is rud é sin a chinnteoidh freisin go mbeidh an tAontas ina cheannródaí a fhad a bhaineann sé le teicneolaíochtaí atá tíosach ar uisce. Chomh maith leis an oideachas foirmiúil, ba cheart cruthú eiseamláirí a spreagadh, na líonraí idir piaraí a neartú agus an fhoghlaim a dhoimhniú trí aistriú agus malartú eolais agus taithí.

3.1.4. Mar sin féin, ní ar ghrúpaí leochaileacha amháin ba cheart na hiarrachtaí oideachais agus oiliúna a dhíriú. Tá scileanna, eolas agus taithí ar leith ag na grúpaí sin a d'fhéadfadh cabhrú le feabhas a chur ar an mbainistiú uisce agus ar an gceapadh beartas. Fágann sin go méadaítear an tábhacht a bhaineann le páirt a thabhairt dóibh i bpróisis pleanála, cinnteoireachta, cur chun feidhme agus meastóireachta na mbeartas. Chuige sin, ní mór do na struchtúir chinnteoireachta deiseanna éifeachtacha fíorchaidrimh agus fíor-rannpháirtíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear guthanna éagsúla a chur san áireamh, seachas díreach faisnéis a thabhairt ón mbarr anuas nó comhairliúchán aontaobhach ón mbun aníos a eagrú.

3.1.5. Is trí na naisc idir gníomhaithe na sochaí sibhialta den chuid is mó a d'éirigh leis na grúpaí sin páirt a ghlacadh sa taidhleoireacht uisce. Tá sé tábhachtach taidhleoireacht ghorm raon 2 ([10]) den chineál sin a neartú a thuilleadh, ach guthanna áitiúla a nascadh freisin le taidhleoireacht raon 1 ([11]) ar leibhéal an rialtais. Is féidir a chinntiú leis sin go bhfuil guthanna grúpaí leochaileacha á gcloisteáil i ndáiríre, go bhfuil a leasanna á gcur san áireamh, agus go mbaintear leas as an acmhainneacht atá iontu.

3.1.6. Tugann na teicneolaíochtaí nua spreagadh nua chun feabhas a chur ar an mbainistiú uisce agus chun grúpaí leochaileacha a chumhachtú freisin. Leis na teicneolaíochtaí gorma nuálacha, cuirtear bealaí nua ar fáil chun na soláthairtí uisce a fhorbairt, an ganntanas uisce agus an truailliú uisce a chosc agus ullmhú do rioscaí a bhaineann le huisce, lena n-áirítear dálaí adhaimsire arbh é an t-athrú aeráide ba chúis leo. Is cuid bhunriachtanach de na réitigh sin iad na teicneolaíochtaí digiteacha,

([10]) Is éard atá i gceist le taidhleoireacht raon 2 an cleachtas trína mbaineann gníomhaithe neamhstáit úsáid as teaicticí réitigh coinbhleachta (e.g. ceardlanna agus comhráite) chun 'an fhearg nó an teannas nó an eagla atá ann' idir grúpaí a bhfuil coimhlint eatarthu a laghdú. Eagraíonn na 'teagmhálaithe neamhrialtasacha, neamhfhoirmiúla agus neamhoifigiúla' sin gníomhaíochtaí ar nós ceardlann agus comhráite chun an chumarsáid agus an tuiscint idir daoine sa phobal a fheabhsú.

([11]) De ghnáth, meastar gurb í taidhleoireacht raon 1 an phríomhuirlis síochána i mbeartas eachtrach stáit. Is taidhleoirí, ardoifigigh rialtais agus cinn stáit a thugann faoin modh taidhleoireachta sin, agus í dírithe ar thionchar a imirt ar struchtúir na cumhachta polaitiúla.

agus cuireann an glacadh atá leo modhanna níos cuimsithí ar fáil freisin maidir leis an oideachas, an chumarsáid agus an rannpháirtíocht a chur chun cinn. Ós rud é gur bunriachtanas é an leictriú, e.g. le haghaidh dáileadh uisce agus naisc dhigiteacha, ní mór an bonneagar uisce, an bonneagar fuinnimh agus an bonneagar digiteach a fhorbairt le chéile chun sochaí atá cliste ó thaobh bainistiú uisce de a chruthú ([12]). Is féidir réitigh chomhtháite uisce a éascú a thuilleadh trí bhíthin feachtais faisnéise le haghaidh úsáid inbhuanaithe uisce, na foinsí uisce a chosaint agus samhlacha atá cliste ó thaobh bainistiú uisce de a fhorbairt.

3.1.7. Tá an-tábhacht le comhpháirtíochtaí fiúntacha agus an cistiú gaolmhar chun an bonneagar, an t-oideachas agus an oiliúint a bhaineann le huisce agus an fothú acmhainneachta i gcoitinne a fhorbairt. Tá an rochtain ar chistiú ina réamhriachtanas freisin don fhiontraíocht agus don fhorbairt gnó. Sa bhreis ar chistí an Aontais, tá ról lárnach ina leith sin ag na gníomhaireachtaí náisiúnta agus ag an gcistiú le haghaidh an chomhair idirnáisiúnta um fhorbairt; cabhraíonn an dlúth-chomhordú le sineirgí a chruthú agus torthaí níos fearr a bhaint amach. Tá sé thar a bheith tábhachtach dea-chleachtais a mhalartú agus cláir na ndeontóirí náisiúnta a dhreasú le go mbeadh nasc níos fearr leis na riachtanais áitiúla. Is gá freisin úsáid na gcistí a mhapáil agus faireachán a dhéanamh uirthi agus a áirithiú go bhfuil an cistiú éifeachtach agus go dtacaíonn sé le cumhachtú grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear tríd an soláthar uisce, an t-oideachas agus an t-ardú feasachta maidir le saincheisteanna uisce, e.g. an gá atá leis an tsláintíocht agus an cosc ar thruailliú.

3.1.8. Leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, cúrsaí saothair, bearta in aghaidh an éillithe agus an comhshaol, cuirtear an creat dlíthiúil ar fáil chun grúpaí leochaileacha agus tearcionadaithe a chosaint agus a chumhachtú i gcás saincheisteanna uisce. Ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhíriú ar chur chun feidhme na rialacha sin i ngach tír agus i ngach tionscadal. Tá sé tábhachtach freisin feasacht a mhúscailt i measc na ngrúpaí leochaileacha iad féin i dtaobh na gceart agus na ndeiseanna a bhaineann le huisce, agus steiréitíopaí agus bolscaireacht chlaonta a chomhrac.

3.2. ***Leas a bhaint as an acmhainneacht atá i ndaoine óga***

3.2.1. I measc dhaonra domhanda an lae inniu ina bhfuil ocht mbilliún duine, tá thart ar 1.8 billiún duine idir 10 mbliana agus 24 bliana d'aois, agus tá an líon sin ag dul i méid ([13]). Ós rud é go bhfuil cónaí ar fhormhór mór an ghrúpa sin i dtíortha le geilleagar margaidh atá i mbéal forbartha, agus gur sciar mór dá ndaonraí iad, tá an-tábhacht le daoine óga mar spriocghrúpa agus mar ghníomhaithe i bpolaitíocht an uisce. Chun feabhas a chur ar na deiseanna atá ar fáil dóibh, tá gá le raon leathan beart, mar a tugadh le fios, mar shampla, leis an tionscnamh chun cabhrú le daoine óga in Uganda a gcaighdeáin oideachais agus oiliúna a ardú agus rochtain a bheith acu ar bhia agus ar uisce chun glúin nua a chinntiú a bheidh spreagtha ag an gcreideamh, ag dóchas agus ag grá, rud a athróidh a bpobail ó bhonn ([14]).

3.2.2. Toisc méadú a bheith ag teacht ar an daonra, tá méadú ag teacht freisin ar an mbrú atá ar na hacmhainní uisce agus ar an ngá atá leis na rioscaí maidir le foinsí uisce a shainaithint, idir na rioscaí atá ann faoi láthair agus na rioscaí a bheidh ann amach anseo. Leagtar béim leis sin ar an ngá atá le feabhas a chur ar an eolas, ar an tuiscint agus ar na scileanna a bhaineann leis an rochtain ar fhoinsí uisce agus le cosaint na bhfoinsí sin, agus, dá bhrí sin, ar an tábhacht a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar an uisce. Cé go bhfuil daoine óga ag súil le dálaí maireachtála cuí agus le todhchaí dhearfach maidir le gairmeacha agus poist, tá siad toilteanach freisin cur le forbairt dhearfach agus athléimneacht a bpobal agus a dtíortha féin. Is minic a bhíonn siad ina gcúis leis an athrú agus ina spreagadh don dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.

3.2.3. Maidir leis an gceapadh beartas, tá sé de chumas ag daoine óga dúshlán na struchtúr agus na nósanna imeachta atá ann cheana a thabhairt agus smaointe nua a roinnt, má thugtar an deis dóibh. Is féidir leo cabhrú freisin le réitigh nuálacha a mholadh maidir le seirbhísí WASH agus an bainistiú uisce. Thairis sin, tá siad in ann agus toilteanach líonrú a dhéanamh thar theorainneacha agus, ar an gcaoi sin, an comhar idirnáisiúnta a neartú.

3.2.4. Mar sin féin, tá roinnt bacainní ar rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga i ngníomhaíochtaí agus sa rialachas a bhaineann le huisce, mar shampla:

— Struchtúir nach bhfuil cuimsitheach ná ionadaíoch – is minic nach gcuimsítear daoine óga sna próisis chinnteoireachta agus, sna cásanna sin ina gcuirtear san áireamh iad, is minic a thugtar neamhaird ar a dtuairimí;

— Bacainní eolais agus scileanna – is minic a bhíonn eolas sonrach agus saineolas teicniúil de dhíth maidir le saincheisteanna uisce;

— Bacainní teanga sa chomhar idirnáisiúnta;

— Deiseanna teoranta maidir le fothú acmhainneachta;

— Ilroinnt na dtionscnamh agus na ngluaiseachtaí óige.

([12]) IO C, C/2024/878, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/878/oj.
([13]) *10 things you didn't know about the world's population* (un.org), Oifig Thoscaire an Ard-Rúnaí um an Óige.
([14]) https://fieldsoflife.org/why-east-africa/.

3.2.5. Chun na bacainní sin agus bacainní eile a shárú, teastaíonn deiseanna oideachais agus oiliúna ó dhaoine óga, agus is gá tosú ag aois an-óg. Chuige sin, teastaíonn acmhainní iomchuí, mar atá dóthain múinteoirí a bheith ar fáil sna pobail áitiúla agus sna saoráidí cian-scolaíochta. Teastaíonn deiseanna a bheith ann do dhaoine óga, go háirithe cailíní agus mná óga, le go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar an ngairmoiliúint agus ar an ardoideachas. Ba cheart béim a leagan ar chláir oideachais a bhaineann go sonrach leis an óige, ina gcuimsítear bainistiú agus taidhleoireacht inbhuanaithe uisce ina gcuraclam, lena n-áirithítear go mbeidh an chéad ghlúin eile ar an eolas faoi na dúshláin uisce a bheidh ann amach anseo agus ullmhaithe a ndóthain chun aghaidh a thabhairt orthu. Chun tionchar níos leithne a áirithiú, ba cheart an leas is fearr is féidir a bhaint as uirlisí agus ardáin dhigiteacha chun dlús a chur le rannpháirtíocht daoine óga as ceantair iargúlta shléibhteacha agus oileánacha agus as ceantair nach ndéantar freastal ceart orthu, rud a thabharfadh rochtain dóibh ar fhóraim oideachais, oiliúna agus ceaptha beartas.

3.2.6. Chomh maith le hinniúlachtaí a bhaineann le huisce, ba cheart scileanna ginearálta sibhialta agus saoránachta a chur ar fáil do dhaoine óga chun go mbeidh siad in ann tionchar níos fearr a imirt ar bhainistiú an uisce agus ar an gceapadh beartas agus páirt éifeachtach a ghlacadh iontu. Tá gá leis an oideachas sibhialta freisin d'fhonn ullmhú don todhchaí, ós rud é gurb iad na daoine óga na ceannairí a bheidh ann sna blianta amach romhainn agus ba cheart cabhrú leo páirt a ghlacadh i mbeartas poiblí na haimsire seo ([15]). Ba cheart scileanna fiontraíochta a chur ar fáil dóibh freisin agus ba cheart iad a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun gnólachtaí a bhunú, rud a chuirfidh leis an bhfostaíocht.

3.3. ***Mná a chumhachtú***

3.3.1. Ar fud an domhain, is mná agus cailíní den chuid is mó a bhíonn neamhchosanta ar an strus maidir le huisce ([16]), sin toisc gur ar a gcrannsan, den chuid is mó agus de réir an traidisiúin, a thiteann sé uisce a bhailiú. Seo a leanas a léiríonn na figiúirí:

— mná atá freagrach as 72 faoin gcéad de na soláthairtí uisce tí laethúla ([17]), agus caitheann mná ar fud an domhain 200 milliún uair an chloig ar an iomlán, gach lá, ag bailiú uisce ([18]);

— tá an meánualach uisce a iompraítear gach lá cothrom le 30 kg uisce, agus is minic a dhéantar sin le linn an iliomad turas chuig an bhfoinse agus ar ais ([19]);

— tá a dhá oiread seans ann gur cailíní óga (faoi bhun 15 bliana d'aois) seachas buachaillí atá freagrach as uisce a bhailiú don teaghlach, rud a fhágann go mbíonn siad neamhchosanta ar ionsaithe agus go mbíonn bac orthu dul ar scoil agus scileanna tábhachtacha a fhoghlaim ([20]);

— is minic a tharlaíonn sé go ndéantar ciapadh ar mhná agus iad ag siúl achair fhada ag cuardach uisce in áiteanna iargúlta contúirteacha, nó ag fanacht i scuainí fada tar éis a lán lán ciliméadar a chur díobh.

3.3.2. Tá fianaise eolaíoch ann go dtugann rochtain níos fearr ar sheirbhísí WASH deis do mhná smacht níos mó a fháil ar a saol féin, idir an leibhéal pearsanta, leibhéal an teaghlaigh agus leibhéal an phobail, rud a chuireann le saol an phobail i gcoitinne:

— trína chur ar chumas na mban barra a uisciú agus a fhás agus níos mó bia a chur ar fáil dóibh féin agus dá dteaghlaigh;

— trí mhná a shaoradh ón dualgas am agus iarracht a chaitheamh ag bailiú uisce, sin le go bhféadfaidh siad páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile, amhail an t-oideachas, an oiliúint, an fhiontraíocht, poist, an cultúr, an fhorbairt phearsanta agus ceannaireacht, rudaí a chuireann leis na deiseanna atá acu a n-ioncam a mhéadú;

— tríd an tsláinte atáirgthe agus an cúram leanaí a fheabhsú;

— tríd an olltáirgeacht intíre (OTI) a ardú.

([15]) Sampla an-mhaith is ea Straitéis Uisce agus Rannpháirtíochta Óige an Aontais don Réigiún Meánmhuirí. I gcomhréir leis na croíphrionsabail maidir le daoine óga a chumhachtú i mbainistiú inbhuanaithe uisce, cuirtear creat luachmhar ar fáil leis chun rannpháirtíocht na hóige i rialachas agus i bpróisis chinnteoireachta a bhaineann le huisce a mhéadú. Leagtar béim sa straitéis sin ar an ngá atá le tionscnaimh shaincheaptha fothaithe acmhainneachta agus le tionscadail faoi stiúir na hóige, atá ríthábhachtach chun an nuálaíocht a chothú agus chun a áirithiú ní hamháin gur rannpháirtithe iad daoine óga, ach gur ceannairí iad freisin, in earnáil an uisce. Moltar sa straitéis dearcthaí daoine óga a chomhtháthú ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.

([16]) IO C 349, 29.9.2023, lch. 60.

([17]) Na Náisiúin Aontaithe, Mná.

([18]) *Collecting water is often a colossal waste of time for women and girls*, UNICEF.

([19]) FAO.

([20]) UNICEF.

3.3.3. Tá buntábhacht le córais ardfhorbartha uisce agus fuíolluisce, sin le nach mbeidh ar mhná agus cailíní i limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce díriú ar bhunriachtanais a dteaghlaigh, agus air sin amháin, agus chun cosaint bhreise a thabhairt do na foinsí uisce.

3.3.4. Tá an rochtain ar oideachas agus ar dheiseanna foghlama eile ina gné thábhachtach trínar féidir mná a chumhachtú i ngnóthaí an uisce. Ní mór aird chuí a thabhairt freisin ar éagsúlacht deiseanna oibre agus ar dhálaí oibre cuibhiúla do mhná, lena n-áirítear an t-idirdhealú, an ciapadh agus gach cineál drochíde a chosc. Thairis sin, ba cheart gach deis fiontraíochta atá ag na fir a bheith ag na mná freisin. Chomh maith le hoideachas, teastaíonn dlíthe lena dtugtar rochtain do mhná ar bhonneagar, ar thalamh, ar acmhainní nádúrtha agus ar airgeadas. Is féidir leis an micreamhaoiniú a bheith ina uirlis fhiúntach chuige sin.

3.3.5. Tá an comhionannas deiseanna oideachais, oiliúna, oibre agus fiontraíochta ina chuid den fheabhas ar an gcomhionannas inscne i gcoitinne, rud a mbíonn dúshlán i gceist leis go minic, toisc gur leis an gcultúr agus le dearcthaí an phobail a bhaineann sé. Tá sé thar a bheith tábhachtach, dá bhrí sin, sa bhreis ar na bacainní struchtúracha atá ar an gcomhionannas inscne a aithint, cur leis an bhfeasacht ar na buntáistí a bhaineann leis.

3.3.6. Cé gur saincheist a bhaineann le cearta an duine é an comhionannas inscne, tá sé ríthábhachtach freisin chun leas iomlán a bhaint as an acmhainneacht atá sa phobal an dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a neartú. Ós rud é gur minic a bhíonn ar mhná a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí laethúla á reáchtáil go rianúil agus go bhfuil na hacmhainní éagsúla atá acu oiriúnach do na riachtanais, is maith atá siad in ann bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní uisce agus tabhairt faoin taidhleoireacht ghorm, sin agus a áirithiú go gcuirtear tacar níos leithne luachanna san áireamh sna cinntí a imríonn tionchar ar uisce. Baineann sé sin leis an ngné phraiticiúil de bhainistiú an uisce agus leis an gcinnteoireacht agus an taidhleoireacht ar an leibhéal polaitiúil freisin ([21]). Dá bhrí sin, ba cheart mná a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun gairm bheatha a lorg sa réimse sin.

3.3.7. Ba cheart a áirithiú gur féidir le mná poist a fháil i róil cheannaireachta agus ba cheart mná a spreagadh chun saineolas teicniúil agus dlíthiúil agus scileanna ceannaireachta a fhoghlaim chun leas iomlán a bhaint as a n-acmhainneacht sa pholaitíocht, sa ghnó, sa tríú hearnáil agus i ngach eagraíocht eile a chabhraíonn le bainistiú inbhuanaithe an uisce agus leis an taidhleoireacht ghorm. Dá bhrí sin, ba cheart cláir mheantóireachta shonracha a bhunú do mhná i réimse an bhainistithe uisce lena áirithiú go mbeidh rochtain acu ar dheiseanna ceannaireachta agus chun cur lena rannpháirtíocht sna próisis chinnteoireachta ar gach leibhéal. Ina theannta sin, is gá tacú le féinmhuinín agus le forbairt gairme na mban, trí líonrú a dhéanamh ar gach leibhéal, cuir i gcás, ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal idirnáisiúnta. Is samplaí den líonrú sin na líonraí 'Mná sa Taidhleoireacht Uisce' i réigiún na Níle agus 'Mná sa Bhainistíocht Uisce' san Áise Láir agus san Afganastáin. Is pobal cleachtais iad na líonraí sin; is é sprioc uileghabhálach an líonra 'Mná sa Taidhleoireacht Uisce' mná a chumhachtú agus ceannaireacht na mban sa chinnteoireacht ardleibhéil a áirithiú in abhantracha trasteorann.

3.4. ***Pobail dhúchasacha agus áitiúla (lena n-áirítear imircigh agus daoine faoi mhíchumas) a rannpháirtiú***

3.4.1. Is pobail dhúchasacha iad 5 % de dhaonra an domhain, agus tá thart ar 20-25 % de dhromchla talún an domhain ina seilbh, faoina n-úinéireacht nó faoina gcúram ([22]). Tá a lán foinsí ríthábhachtacha uisce ar chríocha na bpobal dúchasach, e.g. túir uisce, bogaigh agus aibhneacha atá faoina gcúram leis na mílte bliain, agus is minic nach dtuigeann daoine eile a bhain tairbhe as na hiarrachtaí sin an scéal ina iomláine. Tá na pobail dhúchasacha i measc na gcéad daoine a bhfuil orthu dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le huisce, sin mar gheall ar a spleáiche atá siad ar acmhainní nádúrtha agus ar na héiceachórais. Tá na pobail sin an-leochaileach i gcás éifeachtaí a bhaineann le baol uisce do shlándáil an tsoláthair bia, e.g. na héifeachtaí ar an iascach, ar an tsealgaireacht agus ar dheiseanna innilte do bheostoc. Is minic triomaigh nó tuilte ina gcúis leis na fadhbanna sin, agus sa limistéar Artach, tá bac ar a lán de na deiseanna sealgaireachta mar gheall ar an oighear a bheith ag leá de dheasca an athraithe aeráide, rud a fhágann nach féidir gluaiseacht ar bharr an oighir.

([21]) Seo a leanas dhá shampla shonracha: (1) an staidéar comparáideach ar Chumhachtú na mBan sa Taidhleoireacht Uisce sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh (MENA) faoi stiúir *Geneva Water Hub* agus GWP-Med: léirítear sa staidéar sin an ról ríthábhachtach atá ag mná sa taidhleoireacht uisce i réigiún MENA. Tugtar léargas fiúntach ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le cumhachtú na mban sa réimse sin, agus béim á leagan ar an ngá atá le beart spriocdhírithe chun tacú le ceannaireacht na mban sa bhainistiú uisce agus sa taidhleoireacht; (2) an clár oibre *Gender and wetlands, The Convention on Wetlands* (ramsar.org).

([22]) https://siwi.org/publications/indigenous-people-water-and-climate-change/.

3.4.2. Is minic fadhbanna breise ag na mná sna pobail dhúchasacha mar gheall ar a mbunús eitneach, a n-inscne nó a bhféiniúlacht dhúchasach. Feictear sin nuair a tharlaíonn ciapadh, foréigean, idirdhealú ag an obair, agus nuair a bhíonn easpa cearta polaitiúla agus breithiúnacha ar na mná, úinéireacht talún, cuir i gcás, agus an rochtain ar acmhainní nádúrtha ([23]). Ina ainneoin sin, is ag na mná ina lán de na pobail dhúchasacha atá an t-eolas i dtaobh an uisce, agus is gá iad a chuimsiú ar bhealach fiúntach.

3.4.3. De ghnáth bíonn dlúthchaidreamh buan ag na pobail dhúchasacha leis an uisce, an talamh agus na bogaigh, agus bíonn eolas ar leith acu i dtaobh na n-acmhainní sin a chaomhnú, a chosaint agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, go minic i gcomhar lena ndualgais féin an talamh a chosaint mar chuid dá gcaidreamh lena réigiún. Mar shampla, sna hAindéis i bPeiriú, cuireann na pobail dhúchasacha líon mór síolphlandaí de chrainn Queuña, crainn a fhásann go tapa agus atá an-seasmhach, ar na fánaí géara sléibhe chun an creimeadh a chosc agus an t-uisce a bheathaíonn na toibreacha agus na bogaigh síos an abhainn a stóráil agus a scagadh ([24]). Maidir leis an eolas atá ag na pobail sin, eolas a aistríonn siad ó ghlúin go glúin tríd an traidisiún béil go minic, ní mór é a thuiscint mar fhoinse inspioráide atá le hiniúchadh agus le húsáid trí chomhpháirtíochtaí fiúntacha i gcomhthéacsanna éagsúla, lena n-áirítear sa taidhleoireacht uisce.

3.4.4. Mar sin féin, is gá feabhas a chur ar an gcosaint a thugtar do chearta maoine intleachtúla na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil a fhad a bhaineann sé le heolas agus nósanna traidisiúnta. Baineann sé sin le hearraí a bhaineann leis an traidisiún, nósanna cultúrtha, dearadh táirgí, oidis agus tionscnamh geografach earraí agus seirbhísí ([25]).

3.4.5. In ainneoin an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas, is léir go bhfuil gá le hardáin réamhghníomhacha chun caidreamh fiúntach a chruthú idir na pobail dhúchasacha agus na rialtais náisiúnta agus áitiúla, agus leis an bpobal idirnáisiúnta freisin, maidir leis an gcleachtas i ndáil le huisce. Le go bhféadfar caidreamh fadtéarmach, muinín níos doimhne agus meas frithpháirteach a chothú idir na rialtais agus na pobail dhúchasacha, lena n-áirítear mná agus daoine óga, tá géarghá le hidirphlé cuí bunaithe ar leasanna comhroinnte agus ar an gcomhaontú. Is minic nach gcuirtear dearcthaí, eolas ná réitigh na bpobal dúchasach san áireamh sna cinntí ar an leibhéal idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá gá leis freisin go mbeadh na pobail dhúchasacha rannpháirteach go córasach sa chomhar idirnáisiúnta chun a áirithiú go n-urramófar a gcearta daonna, agus go ndéanfar acmhainneacht na ngrúpaí sin a fhiosrú ina hiomláine.

3.4.6. Ní mór rochtain ar bhonneagar, ar fhaisnéis agus ar oideachas a chur ar fáil do gach aon phobal áitiúil, is cuma cén réigiún ina bhfuil siad. Ba cheart, áfach, na dálaí áitiúla agus an leibhéal forbartha a chur san áireamh sna réitigh phraiticiúla, ós rud é nach ionann riachtanais agus deiseanna do na daoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir shléibhteacha, ar oileáin agus i sráidbhailte beaga iargúlta gan rochtain chuí ar uisce agus do na daoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir scothfhorbartha; beidh réitigh atá in oiriúint don chomhthéacs ag teastáil i ngach cás ar leith. Ós rud é gur minic a bhíonn ról tábhachtach ag na heagraíochtaí sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil i saincheisteanna a bhaineann le huisce agus le cúnamh a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha, ba cheart lámh a bheith acu sna próisis ceaptha beartas áitiúla.

4. **Deiseanna comhpháirtíochta don Aontas Eorpach**

4.1. Mar gheall ar an ról caidrimh sheachtraigh agus na comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta atá ag an Aontas Eorpach, mar aon le cláir náisiúnta na ndeontóirí, tá an-tábhacht le ról an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an strus domhanda maidir le huisce. A bhuí leis an gcreat dlíthiúil ardfhorbartha atá aige, an acmhainneacht theicneolaíoch atá ann agus an ról tábhachtach atá aige mar dheontóir sa réimse sin, is féidir leis an Aontas rannchuidiú go mór le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní uisce, leis an rochtain ar uisce agus ar shláintíocht, le hoideachas agus oiliúint, le rialachas uisce agus le réiteach coinbhleachtaí. Sa chomhthéacs sin, is féidir leis an Aontas leas a bhaint freisin as an taithí atá aige feabhas a chur ar an gcomhionannas inscne agus ar an rannpháirtíocht sa cheapadh beartas, lena n-áirítear rannpháirtíocht daoine óga, agus treoir a chur ar fáil ina leith sin. D'fhéadfadh uirlisí micreamhaoiniúcháin a thacódh le grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste maidir le maoiniú a bheith an-ábhartha ina leith sin.

4.2. Tá aird ar leith á tabhairt ar an Afraic Fho-Shahárach i gcás na taidhleoireachta goirme, sin mar gheall ar na dálaí speisialta déimeagrafacha, geografacha agus polaitiúla atá sa réigiún sin. Ós rud é gur dócha go mbeidh tionchar ag díchobhsú na hAfraice mar gheall ar an strus uisce ar réigiún MENA agus ar an Aontas Eorpach, agus go mbeidh géarchéimeanna bia agus imirce ann dá thoradh, tá gá le seasamh réamhghníomhach na hEorpa. Is áiteanna ina bhfuil ardstrus maidir le huisce iad Loch Victoria, Loch Shead agus abhantracha na Níle, na Nígire agus an Chongó, agus is gá díriú ar na háiteanna sin mar ábhar práinne chun an comhshaol a chosaint agus tubaistí aeráide agus uisce a chosc, óir d'fhéadfadh coinbhleachtaí nua agus gluaiseachtaí imirce i dtreo na hEorpa teacht as na fadhbanna sin.

([23]) *Indigenous women's realities: Insights from the Indigenous Navigator,* An Mheitheal Idirnáisiúnta le haghaidh Ghnóthaí na bPobal Dúchasach (IWGIA) agus EIS, 2020.

([24]) https://library.panos.co.uk/features/stories/seeds-of-water.html#0_00337302.

([25]) https://www.wipo.int/sme/en/traditional-knowledge.html.

4.3. Faoi chuimsiú Global Gateway ([26]) agus na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Eacnamaíoch ([27]), is comhpháirtí tábhachtach de chuid an Aontais í an Afraic. Ós rud é go bhfuil cos á cur i dtaca ag cumhachtaí domhanda eile san Afraic, go háirithe an tSín agus an India, tá an comhar leis an Afraic thar a bheith tábhachtach maidir le slándáil eacnamaíoch agus gheopholaitiúil an Aontais agus maidir le seasamh straitéiseach an Aontais ar an leibhéal domhanda. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go bhforbródh an tAontas straitéis chuimsitheach maidir leis an Afraic, straitéis a mbeadh an taidhleoireacht ghorm ina cuid fhíor-riachtanach di.

4.4. Ós rud é go bhfuil a lán dúshlán ann i limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce, go háirithe san Afraic Fho-Shahárach, agus go gcruthaíonn na dúshláin sin rioscaí agus deiseanna don Aontas, molann CESE **clár comhpháirtíochta treoraithe** a bhunú do limistéar cás-staidéir amháin ar a laghad san Afraic, chun na gnéithe éagsúla den chumhachtú a chumhdach ar bhealach comhtháite. Molann CESE na bearta seo a leanas a áireamh sa chlár:

4.4.1. Comhoibriú agus tacú le **bonneagar** uisce agus fuíolluisce agus seirbhísí gaolmhara a fhorbairt chun an rochtain ar sheirbhísí WASH a fheabhsú, agus béim ar leith á leagan ar an inbhuanaitheacht, ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar athchóiriú.

4.4.2. Tacú le fothú acmhainneachta oideachais agus oiliúna ar an leibhéal áitiúil, malartuithe mac léinn a éascú i gcomhar leis an Aontas agus deiseanna maidir le linn tallainne an Aontais a chur chun cinn, agus imirce daoine oilte á seachaint agus an imirce chiorclach á cur chun cinn ([28]), d'fhonn feabhas a chur ar **na hinniúlachtaí agus na scileanna** is gá le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar uisce agus le haghaidh na taidhleoireachta goirme. Ba cheart díriú go sonrach ar an oideachas do chailíní agus do mhná.

4.4.3. Comhoibriú ar **theicneolaíochtaí gorma**, i dteannta na dteicneolaíochtaí leictreachais is gá, chun cabhrú le feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí WASH, ar an éifeachtúlacht uisce, ar rialú an truaillithe agus ar shlándáil soláthair uisce ghlain. Ba cheart na dálaí áitiúla a chur san áireamh i gceart sna roghanna teicneolaíochta.

4.4.4. Feabhas a chur ar na dálaí agus ar na hacmhainneachtaí chun gnólachtaí áitiúla a chruthú d'fhonn **fiontraíocht** agus fostaíocht a chur chun cinn. Ba cheart tacaíocht shonrach a dhíriú ar fhiontraithe óga agus ar bhanfhiontraithe.

4.4.5. Cur chun feidhme coinbhinsiún idirnáisiúnta saothair a chur chun cinn chun **dálaí oibre** cuibhiúla a áirithiú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an neamh-idirdhealú bunaithe ar inscne agus ar thionscnamh eitneach a áirithiú agus ar chearta an duine a urramú.

4.4.6. Comhar a bhunú le lucht ceaptha beartas áitiúil agus le grúpaí éagsúla chun feabhas a chur ar **an rannpháirtíocht sa cheapadh beartas agus ar an taidhleoireacht ghorm**. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcaidreamh il-gheallsealbhóra sin daoine óga, mná agus pobail dhúchasacha a chumhachtú chun fadhbanna agus coinbhleachtaí uisce a chosc agus a réiteach.

4.4.7. Comhoibriú maidir le bonneagar digiteach agus naisc dhigiteacha a fhorbairt, chun leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an **digiteáil** sa bhainistiú uisce, san oideachas agus sa chumarsáid. Ba cheart iarrachtaí chun scileanna digiteacha na bpobal áitiúil a fhorbairt a bheith ag gabháil leis sin.

4.4.8. **Sochaí shibhialta an Aontais** a bheith rannpháirteach sa chlár, chun feabhas a chur ar mhalartú an eolais agus na taithí ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart leas iomlán a bhaint as na struchtúir chomhair atá ann faoi láthair.

4.4.9. **Cistiú** iomchuí a leithdháileadh ar an gclár, lena n-áirítear chun bonneagar, oideachas, idirphlé il-gheallsealbhóra agus gnó a fhorbairt, lena áirithiú go gcuirfear na bearta thuas chun feidhme.

([26]) https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/global-gateway/opinions.
([27]) https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/european-economic-security-strategy.
([28]) IO C 75, 28.2.2023, lch. 136.

4.4.10. **Faireachán agus measúnú** a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thionchar an chláir, d'fhonn é a mhéadú amach anseo. Maidir leis na torthaí a bhaineann le daoine óga, mná agus na pobail áitiúla agus réigiúnacha, ba cheart díriú orthu go príomha mar spriocanna agus mar ghníomhaithe sa bhainistiú uisce agus sa pholaitíocht.

An Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE